

Aguisín 1

Combar (Iúil 1953), 26.

Ómós do John Millington Synge

An toisc a thug tú chun mo dhaoine,
Ón gcéin bhoig don Charraig dhanartha,
Ba chéile léi an chré bheo
Is an leid a scéith as léan is peannaid.

Níor éistis scéal na gcloch
Bhí éacht i scéal an teallaigh,
Níor spéis leat leac ná cill
Ní thig éamh as an gcré mhairbh.

Do dhuinigh Déirdre romhat sa ród
Is currach Naoise do chas Ceann Gainimh,
D'imigh Déirdre is Naoise leo
Is chaith Peigín le Seáinín aithis.

An leabhar ba ghnáth id' dhóid
As a chuiris bréithre ar marthain,
Ghaibh Déirdre, Naoise, is Peigín cló
Is thug léim ghaisce de na leathanaigh.

Tá Teamhair mo dhaoine ag lobhadh,
Ní cabhair feasta an tonn mar fhalla,
Ach go dtagaid Coill Chuain go hlnismeáin
Beidh na bréithre a chnuasaís trath
Ar marthain fós i gculaith eachtrainn.